

Eolaíocht a Léamh Roinnt Straitéisí do Sheomraí Ranga na hEolaíochta

“Forbróidh scoláirí a gcuid scileanna léitheoireachta trí bheith i teaghmáil le théacsanna eolaíochta éagsúla ina a fhoghlaiméoidh siad conas léamh le líofacht, tuiscint agus inniúlacht ag úsáid réimse leathan straitéisí tuisceana.” (Sonraíocht na hEolaíochta Ich. 8)

In eolaíocht na Sraithe Sóisearaí léifidh scoláirí téacs ar chúiseanna éagsúla. D’fhéadfadh siad léamh chun fadhb a réiteach, buneolas a fháil ar choincheap nó na céimeanna a thuiscint i nós imeachta trialach nó iniúchadh. D’fhéadfadh siad léamh chun taighde a dhéanamh ar thopaic nó ar cheist. Léifidh siad ábhar freisin i bhformáidí éagsúla. D’fhéadfadh siad leabhair a léamh, teoracha, ailt nuachtáin, suíomhanna idirlín nó téacs digiteach agus obair phiaraí. Tá cur chuige faoi leith ag an eolaíocht maidir le cumarsáid agus nuair a mhúintear scoláirí *chun léamh ar nós eolaí* cabhraítear leo dul i ngleic ar bhonn níos éifeachtaí le hinneachar eolaíochta sa seomra ranga. Cabhróidh sé freisin lena gcumas chun plé a dhéanamh mar thomhaltóirí criticiúla eolaíochta amach sa todhchaí.

San acmhainn seo fiosraímid roinnt straitéisí agus b’ fhéidir gur mhaith leat iad a úsáid agus iad a múnú agus tú ag múineadh do do chuid scoláirí, straitéisí a d’fhéadfadh siad dul i ngleic leo iad fhéin chun forbairt a dhéanamh ar gcumais *smaoineamh* ar nós eolaí. I gcás a lán scoláirí beidh ghá léamh chun tuisceana a mhúineadh go sonrach.

Eolaíocht a Léamh

I dteannta le na scileanna ginearálta léitheoireachta a theastaíonn ó scoláirí chun téacs scéil a thuiscint, ní mór freisin do léitheoirí eolaíochta

- Sain-fhocalstór de théarmaí agus de fhrásaí a thuiscint nach bhfaightear ach san eolaíocht
- Tuiscint a bheith acu go mbíonn cialla difriúla ag dul le roinnt téarmaí agus frásaí nuair a úsáidtear san eolaíocht iad
- Siombailí agus léaráidí eolaíochta a léirmhíniú
- Ciall a bhaint as téacs i leagan amach nach mbíonn i gcónaí éasca a thuiscint m.sh. b’fhéidir go mbeadh gá bogadh ó théacs go léaráidí ar dhóigh neamhlíneach
- Brí a bhaint as príomhsmaointe agus teacht ar conclúid nach bhfuil luaite go soiléir.


Is straitéisí iad seo atá cruthaithe gur chabhraigh siad le scoláirí dul i ngleic le téacs eolaíochta. I dtús báire, d'fhéadfá roinnt acu seo a úsáid mar straitéisí teagaisc, de bharr go oibríonn siad go maith sa seomra ranga eolaíochta. De réir mar a fhorbraíonn scoláirí a scil chun téacs eolaíochta a léamh, ba chóir dóibh tosú a úsáid roinnt de na straitéisí iad féin go neamhspleách. Taispeántar i gcló trom teicnící a thiocthadh le scoláirí a úsáid chun an straitéis a léiriú.

Straitéis	Teicnící samplacha
<p>Nascadh le réamheolas scoláirí</p> <p>Ullmhaíonn sé seo scoláirí le haghaidh léitheoireachta agus cuireann sé lena dtuiscint mar go gcabhraíonn sé lena bhfuil á léamh acu a cheangal leis an méid a bhíonn a fhios acu cheana féin. Ligeann sé dóibh freisin míthuiscintí féideartha a chur in iúl.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Tobsmaointeoireacht ar thopaic agus meabhairmhapa a chruthú ar réamheolas • Tacar réamhaíochta (réamhthuarimí): Cuireann an múinteoir roinnt ráitis chonspóideacha i láthair na scoláirí faoin topaic a mbeidh siad ag léamh fúithi. Pléann siad na ráitis ina ngrúpaí ag teacht ar cinneadh, cé acu a aontaíonn siad nó a easaontaíonn siad leo faoi láthair. Déanann siad athmhachnamh agus athbhreithniú ar a gcuid freagraí i ndiaidh na léitheoireachta. • Roimh thaighde a dhéanamh ar thopaic, nó i ndiaidh ceannscríbhinn nó teideal a léamh scríobhann scoláirí síos an méid atá a fhios acu cheana féin a bhaineann leis an topaic nó leis an gceannteideal áirithe sin.
<p>Réamhullmhúchán ar an mbrí atá le sainfhocalstór</p> <p>Má thosaítear a mhíniú cén bhrí atá le roinnt eochairfhocal – go háirithe iad siúd nach bhfuil le fáil ach san eolaíocht nó a bhfuil brí dhifriúil leo i gcomhthéacs eolaíochta – cabhróidh sé seo le tuiscint scoláirí céard atá á léamh acu.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Tobsmaointeoireacht a dhéanamh ar thopaic agus liosta eochairfhocail a chur le chéile a n-oibreoidh scoláirí orthu ina n-aonar, nó i ngrúpaí, chun teacht ar an mbrí ata leo. • Sliocht Dealraitheach: Tabhair liosta de phríomhfhocail nó de phríomhcoincheapa do scoláirí agus iarr orthu thuar cén t-ábhar léitheoireacht a bheidh acu. Ní mór dóibh an bhrí atá leis na focail seo a thuiscint nó ar a laghad ar bith a shonrú cé na focail nach dtuigeann siad a mbrí, le bheith I ndán tuar a thabhairt. • Ar theacht ar théarma nua dóibh ina gcuid léitheoireachta déanann scoláirí an téarma agus a bhrí a taifead ina mbunacha focal féin.

Straitéis	Teicnící samplacha													
<p>Cur le cumas scoláirí chun an t-ábhar a bhíonn siad a léamh a phróiseáil, le linn na léitheoireachta.</p> <p>Tugann sé sin an teachtaireacht do scoláirí, agus iad ag léamh, gur ba chóir dóibh freisin a bheith ag smaoineamh ar a bhfuil á léamh acu agus brí a bhaint as.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Coimeádann scoláirí loga freagartha, ina n-iarrtar orthu freagairt do phointí áirithe sa léitheoireacht de réir mar a thagann siad orthu. Is féidir scafláil a dhéanamh do scoláirí ina loga freagartha. (Féach an sampla thíos) <table border="1" data-bbox="692 539 1433 1189"> <thead> <tr> <th colspan="3">Taifead do fhreagra ag úsáid an chóid agus do smaointe sa spás thíos</th> </tr> <tr> <th>An rud a bhí sa téacs</th> <th>Cód</th> <th>Mo Smaointe</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>“Sa spás, is lú an fórsa a bhíonn ag domhantarraingt mar sin de is faide a scarann na cnámha sa chnámh droma amach óna chéile.”</td> <td>!</td> <td><i>Mar sin de, éiríonn spásairí níos airde sa spás - saoi<th>h</th>áil!</i></td> </tr> <tr> <td>“Nuair nach mbíonn domhantarraingt ann athdháiltear leachtanna níos cothroime thart ar an gcorp.”</td> <td>C</td> <td><i>Cén cineál leachtanna?</i></td> </tr> </tbody> </table> <p>! = iontas; TC = trína chéile; C = ceist NB = pointe tábhachtach</p> <ul style="list-style-type: none"> Glacann scoláirí nótaí agus freagraíonn siad, nó achoimríonn siad téacs, i nótaí ina gcuid focail féin, agus iad ag léamh. 	Taifead do fhreagra ag úsáid an chóid agus do smaointe sa spás thíos			An rud a bhí sa téacs	Cód	Mo Smaointe	“Sa spás, is lú an fórsa a bhíonn ag domhantarraingt mar sin de is faide a scarann na cnámha sa chnámh droma amach óna chéile.”	!	<i>Mar sin de, éiríonn spásairí níos airde sa spás - saoi<th>h</th>áil!</i>	h	“Nuair nach mbíonn domhantarraingt ann athdháiltear leachtanna níos cothroime thart ar an gcorp.”	C	<i>Cén cineál leachtanna?</i>
Taifead do fhreagra ag úsáid an chóid agus do smaointe sa spás thíos														
An rud a bhí sa téacs	Cód	Mo Smaointe												
“Sa spás, is lú an fórsa a bhíonn ag domhantarraingt mar sin de is faide a scarann na cnámha sa chnámh droma amach óna chéile.”	!	<i>Mar sin de, éiríonn spásairí níos airde sa spás - saoi<th>h</th>áil!</i>	h											
“Nuair nach mbíonn domhantarraingt ann athdháiltear leachtanna níos cothroime thart ar an gcorp.”	C	<i>Cén cineál leachtanna?</i>												
<p>Labhraíonn na scoláirí ar an rud a bhíonn á léamh acu</p> <p>Cabhraíonn sé sin le scoláirí a gcuid smaointe a eagrú maidir leis an rud a bhíonn siad a léamh. Cuireann caint leis an tuiscint.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Léann scoláirí ina n-aonar, ach suíonn siad i ngrúpa, agus ta an sliocht marcáilte ag eatrainmh éagsúla. Ag an marc ní mór do gach duine stopadh agus trácht a dhéanamh ar a bhfuil léite acu. Ag gach stadphointe is scoláire difriúil a threoraíonn an chaint. Modheolaíocht na míreanna mearaí ina léann gach scoláire píosa difriúil agus ina gcuireann siad in iúl don ghrúpa cad atá a léite acu. Nuair a bhíonn scoláirí ag obair ar thionscadal taighde tugtar am dóibh chun plé a dhéanamh lena gcairde sa rang ar an ábhar atá siad a aimsiú. Moltar é sin mar chuid den mheasúnú rangbhunaithe ar an IES. 													

Straitéis	Teicnící samplacha
Deiseanna a thabhairt do scoláirí próiseáil níos mó a dhéanamh ar a mbíonn léite acu.	<ul style="list-style-type: none"> • Iarrtar ar gach grúpa athchruthú a dhéanamh ar a mbíonn léite acu faoi chló eile m.sh. ar phóstaer; ar ghrafaic, srl. • Léiríonn scoláirí fadhbanna scríofa mar léaráidí. • Scríobhann/insíonn scoláirí an scéal atá le fáil ar ghraf nó ar ghrafaic.
Deiseanna a thabhairt do scoláirí an méid atá leite acu a chur chun úsáide.	<ul style="list-style-type: none"> • B'fhéidir go ndéanfadh scoláirí athchruthú ar an rud a bhíonn léite acu le ról difiriúil m.sh. tar éis a bheith ag léamh faoi phróiseas an díleá b'fhéidir go cuirfeadh na scoláirí cur síos ar an bpróiseas, gur píosa bia iad féin ag dul ó béal go dtí an stéig mór

Cibé straitéis a roghnaíonn tú tá sé tábhachtach go ndéanann tú an straitéis a léiriú do do scoláirí ag an tús agus tú ag tarraingt a n-airde ar a mbíonn ar siúl agat m.sh. “Nuair a bhímse ag léamh ailt don chéad uair is minic a aibhsím na pointí a cheapaim atá tábhachtach agus mé ag léamh”. Is í an aidhm áfach go nglacfaidh scoláirí an straitéis lena húsáid go neamhspleách agus go huathoibríoch nuair a thagann siad ar théacs nua eolaíochta agus beidh teagasc sonrath ag teastáil ó roinnt scoláirí chun é sin a dhéanamh. Mar sin de, is gá go bhfeicfeadh siad tusa ag úsáid na straitéise de chéaduair, agus ansin an straitéis a úsáid le cabhair sula ngabhfaidh siad chucu féin í ar deireadh sa chaoi gur ag léamh chun tuisceana a bhíonn siad.



Fisher, D., & Frey, N. (2003)

Sa chaoi sin is féidir linn cur le cumas ár gcuid scoláirí chun téacs eolaíochta a léamh chun tuisceana. Is nuair a bhíonn an scil tosaigh sin sealbhaithe acu chun déileáil go tuisceanach le téacs eolaíochta is ansin amháin is féidir leo dul ar aghaidh le bheith ina dtomhaltóirí criticiúla eolaíochta sna meáin.